Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Eanáir 2025
(OR. en)

5294/25

LIMITE

CORLX 44
CFSP/PESC 71
COARM 10

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena dtacaítear le tionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena dtacaítear le tionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an Straitéis Dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais, dar teideal 'Shared Vision, Common Action: A Stronger Europe' [Fís Chomhroinnte, Comhghníomhaíocht: Eoraip níos Láidre]agus a foilsíodh i mí an Mheithimh 2016, dearbhaítear tacaíocht an Aontais do chonarthaí agus córais iltaobhacha dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm a uiliú, a chur chun feidhme go hiomlán agus a fhorfheidhmiú go hiomlán.

(2) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón, dar teideal 'Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint'. Luaitear sa Straitéis sin, *inter alia*, go leanfaidh an tAontas de rialú freagrach agus éifeachtach ar onnmhairiú arm a chur chun cinn agus de thacú leis an gConradh Trádála Arm ('CTA') a uiliú agus a chur chun feidhme.

(3) Le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle[1], bunaítear ocht gcritéar a ndéanfar iarratais ar onnmhairiú gnáth-arm a mheasúnú dá réir. Tá roinnt tríú tíortha tar éis iad féin a ailíniú leis an gComhsheasamh sin.

(4) Luaitear i gComhsheasamh 2008/944/CBES go bhfuil na Ballstáit lena ndícheall a dhéanamh chun Stáit eile a onnmhairíonn teicneolaíocht mhíleata nó trealamh míleata a spreagadh chun na critéir a leagtar amach sa chomhsheasamh sin a chur i bhfeidhm.

---

[1] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99 ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).



PUBLIC

(5) Ó 2008 i leith, faoi Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/230/CBES ón gComhairle[2] agus faoi Chinntí 2009/1012/CBES[3], 2012/711/CBES[4], (CBES) 2015/2309[5], (CBES) 2018/101[6], (CBES) 2020/1464[7] agus (CBES) 2023/2539 ón gComhairle[8], tá forbairt tagtha ar ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialuithe éifeachtacha trédhearcacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn. Leis na gníomhaíochtaí a rinneadh, tacaíodh go háirithe le tuilleadh comhar réigiúnach agus feabhsaíodh an trédhearcacht agus freagracht mhéadaithe i gcomhréir le prionsabail Chomhsheasamh 2008/944/CBES agus leis na critéir measúnaithe riosca a leagtar amach ann. Leis na gníomhaíochtaí atá i gceist, tugadh aghaidh ar na tríú tíortha i gcomharsanachtaí in oirthear agus i ndeisceart an Aontais, tríú tíortha san Áise Láir agus sa Mhongóil.

PUBLIC

---

2 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/230/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2008 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialú ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir Chód Iompair an Aontais Eorpaigh maidir le hOnnmhairiú Arm a chur chun cinn i dtríú tíortha (IO L 75, 18.3.2008, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/230/oj).

3 Cinneadh 2009/1012/CBES ón gComhairle an 22 Nollaig 2009 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialú ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir Chomhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun cinn i dtríú tíortha (IO L 348, 29.12.2009, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/1012/oj).

4 Cinneadh 2012/711/CBES ón gComhairle an 19 Samhain 2012 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialú ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir Chomhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun cinn i dtríú tíortha (IO L 321, 20.11.2012, lch. 62, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/711/oj)

5 Cinneadh (CBES) 2015/2309 ón gComhairle an 10 Nollaig 2015 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 326, 11.12.2015, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/2309/oj).

6 Cinneadh (CBES) 2018/101 ón gComhairle an 22 Eanáir 2018 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 17, 23.1.2018, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/101/oj).

7 Cinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 335, 13.10.2020, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1464/oj).

8 Cinneadh (CBES) 2023/2539 ón gComhairle an 13 Samhain 2023 lena dtacaítear le tionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L, 2023/2539 14.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2539/oj).

(6) Tá tacaíocht faighte ag roinnt tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas faoi ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialuithe éifeachtacha trédhearcacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith d'aidhm le gníomhaíochtaí den sórt sin tacú le mianta aontachais na dtíortha sin leis an Aontas, agus, roimh an aontachas, lena gcomhpháirtíocht leis an Aontas agus lena Bhallstáit maidir le rialuithe ar onnmhairiú arm.

(7) Is é is aidhm do CTA trédhearcacht agus freagracht sa trádáil arm a neartú. Tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme agus uiliú éifeachtach CTA trína chláir thiomnaithe arna nglacadh faoi Chinntí 2013/768/CBES[9], (CBES) 2017/915[10], agus (CBES) 2021/2309 ón gComhairle[11]. Cuidíonn na cláir sin le roinnt tríú tíortha, arna iarraidh sin dóibh, a gcórais rialaithe aistrithe arm a neartú i gcomhréir le ceanglais CTA.

(8) Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, comhlántacht a áirithiú idir na gníomhaíochtaí for-rochtana agus cúnaimh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo agus na gníomhaíochtaí sin faoi chláir an Aontais chun tacú le cur chun feidhme agus uiliú éifeachtach CTA. Chuige sin, ba cheart sásra comhordúcháin i bhfoirm malartuithe faisnéise rialta a oibriú idir gníomhaireachtaí cur chun feidhme le haghaidh ghníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais i réimse an rialaithe ar onnmhairiú arm, agus idir na gníomhaireachtaí cur chun feidhme sin agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Leis an sásra comhordúcháin sin, beidh saineolaithe ó Bhallstáit eile rannpháirteach nuair is ábhartha.

---

[9] Cinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa (IO L 341, 18.12.2013, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/768/oj).

[10] Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/915/oj).

[11] Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 461, 27.12.2021, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2309/oj).



PUBLIC

(9) Le blianta beaga anuas, tá cúnamh soláthraithe ag an Aontas chun feabhas a chur ar na rialuithe onnmhairiúcháin ar earraí dé-úsáide i dtríú tíortha. Ba cheart comhordú éifeachtach a áirithiú idir na gníomhaíochtaí faoin tionscnamh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo agus na gníomhaíochtaí sin atá ábhartha do rialuithe onnmhairiúcháin den sórt sin.

(10) Chuir an Chomhairle de chúram ar Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú, Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle(BAFA), Cinntí 2009/1012/CBES, 2012/711/CBES, (CBES) 2015/2309, (CBES) 2018/101, (CBES) 2020/1464 agus (CBES) 2023/2539 a chur chun feidhme go teicniúil. Is gníomhaireacht cur chun feidhme é BAFA freisin i gcás na dtionscadal sin lena dtacaítear le cur chun feidhme éifeachtach CTA faoi Chinntí 2013/768/CBES, (CBES) 2017/915 agus (CBES) 2021/2309. Ó 2005 i leith, tá BAFA i mbun roinnt tionscadal comhair de chuid an Aontais a chur chun feidhme i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin ar earraí dé-úsáide. Is é BAFA an t-údarás inniúil um rialú onnmhairiúcháin sa Ghearmáin, agus tá neart eolais agus saineolais forbartha aige maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana, chomh maith lena chroí inniúlachtaí a chomhroinnt le húdaráis inniúla Stát eile.

(11) Leis na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo tríd an gCinneadh seo, rannchuidítear le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. D’fhonn Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón, dar teideal ‘Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint’ agus Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle a chur chun feidhme, tabharfaidh an tAontas tuilleadh tacaíochta do thionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn.

2. Is é seo a leanas cuspóir an tionscadail dá dtagraítear i mír 1:

   (a) trádáil idirnáisiúnta i ngnáth-airm a dhéanamh níos freagraí agus níos trédhearcaí;

   (b) an riosca a bhaineann le hatreorú arm chuig úsáideoirí neamhúdaraithe a mhaolú.

   Bainfear amach na cuspóirí a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo trí aistriú saineolais arb é is aidhm dó tacú le hailíniú le caighdeáin dhlíthiúla agus oibríochtúla an Aontais agus a mBallstát, i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES, agus béim ar leith á leagan ar thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas.

3. Cuirfear na gníomhaíochtaí tionscadail chun feidhme ar bhealach atá comhlántach, agus i sineirgí, le tionscadail chúnaimh an Aontais i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin ar ghnáth-airm agus ar earraí dé-úsáide agus, i gcás inarb iomchuí, le tionscadail chúnaimh deontóirí eile i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin.

4. Déantar cur síos mionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a gabhann leis an gCinneadh seo.

PUBLIC

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (‘an tArdionadaí’) freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú Onnmhairiúcháin, Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle, (BAFA), a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Déanfaidh BAFA a chuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le BAFA.

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 2 100 000,00 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas arna mhaoiniú leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú is gá i gcrích le BAFA. Forálfar sa chomhaontú sin go bhfuil BAFA chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, a bheidh iomchuí dá mhéid, a áirithiú.



PUBLIC

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoi aon deacrachtaí sa phróiseas sin agus faoin dáta a dtabharfar an comhaontú i gcrích.

*Airteagal 4*

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha gach 6 mhí arna n-ullmhú ag BAFA.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún faoi ghnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura dtabharfar comhaontú den sórt sin i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*



PUBLIC